Dé Céadaoin 19. Deireadh Fómhair 2022

P9_TA(2022)0365

Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2022: Nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe teicniúla eile

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Deireadh Fómhair 2022 ar an seasamh ón gComhairle ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2022 an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022: nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe teicniúla eile (12623/2022 – C9-0317/2022 – 2022/0211(BUD))

(2023/C 149/11)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, mar a glacadh go cinntitheach é an 24 Samhain 2021 ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([3]) ("Rialachán CAI"),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([4]) ("IIA"),

— ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ([5]),

— ag féachaint do Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2022, a ndearna an Coimisiún é a ghlacadh an 1 Iúil 2022 (COM(2022)0350),

— ag féachaint don seasamh maidir le Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2022 a ndearna an Chomhairle é a ghlacadh an 20 Meán Fómhair 2022 agus é a chur ar aghaidh chuig an bParlaimint an lá céanna (12623/2022 – C9-0317/2022),

— ag féachaint do Rialacha 94 agus 96 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0240/2022),

A. de bhrí gurb é príomhchuspóir Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2022 taobh an ioncaim den bhuiséad a thabhairt cothrom le dáta chun na forbairtí is déanaí a chur san áireamh, eadhon na réamhaisnéisí nuashonraithe ar acmhainní dílse do bhuiséad 2022 a chomhaontaigh an Coiste Comhairleach um Acmhainní Dílse (ACOR) an 23 Bealtaine 2022, agus chun ioncaim eile amhail ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe, fíneálacha agus nithe eile a nuashonrú;

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 45, 24.2.2022, lch. 1.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([4]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([5]) IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

B. De bhrí go bhfuil dhá coigeartú sonrach maidir le caiteachas san áireamh i nDréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2022, comhfhreagrach as coigeartú ainmníocht bhuiséadach i ndiadh togra an Choimisiún do REPowerEU an 18 Bealtaine 2022 ([6]) agus síneadh le sainordú Eurojust fianaise ar choireanna cogaidh a bhailiú agus a chaomhnú glactha ([7]); de bhrí nach bhfuil aon gealltanas agus leithreasú faoi chomhair íocaíochtaí iarrtha;

C. de bhrí gur mheas an Pharlaimint arís agus arís eile nár cheart ach aon chuspóir amháin a bheith ag dréachtbhuiséad leasaitheach;

1. á thabhairt dá haire gur ann do Dhréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 4/2022 mar ar thíolaic an Coimisiún é;

2. ag léiriú go háirithe an t-ardú de acmhainní dílse de EUR 3 573,9 milliún; á mheabhrú an tabhairt isteach de na hacmhainní dílse i gcomhréir leis an treochlár léirithe amach ag an IIA a bhrostú, is é sin go mbeidh an ioncam breise a bheadh ann mar thoradh ó na hacmhainní dílse nua leordhóthanach aisíoc na gcostas an ionstraim tearnaimh a chlúdaigh.

3. á chur i bhfios go láidir nach bhfuil a seasamh maidir leis an moladh don chaibidil REPowerEU den Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachtaleagtha (RRF) amach ag an bParlaimint; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, go bhfuil an t-athrú atá beartaithe ar an ainmníocht bhuiséadach gan dochar don toradh reachtach;

4. á chur in iúl gur oth léi gur chinn an Coimisiún, in ainneoin áitiú na Parlaiminte, gnéithe a bhaineann le nuashonrú ioncaim a thíolacadh le chéile le gnéithe eile a bhaineann le caibidlíochtaí leanúnacha; á athdhearbhú, chun urraim níos fearr a thabhairt do shaincheart an údaráis bhuiséadaigh, gur cheart don Choimisiún dréachtbhuiséad leasaitheach a thíolacadh le haghaidh aon chuspóra amháin agus staonadh ó roinnt cuspóirí a chur le chéile in aon dréachtbhuiséad leasaitheach amháin;

5. ag moladh ghlacadh pras Rialachán (AE) 2022/838 lena gcuirtear síneadh le sainordú Eurojust chun tacú leis an Úcráin trí fhianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú a bhaineann le coireanna cogaidh mar thoradh ar an ionsaí brúidiúil na Rúise nach bhfuil bonn cirt leis; ag cur i gcoinne, áfach, úsáid bheartaithe ath-imscarthaí inmheánacha laistigh den réimse beartais céanna níos déanaí sa bhliain chun na poist a mholtar faoin Dréachtbhuiséad leasaitheach seo a mhaoiniú; á chur i bhfios go láidir sa chomhthéacs sin go bhfuil corrlaigh leordhóthanacha ann faoi Cheannteideal 2b; ag athdhearbhú a seasaimh sheanbhunaithe, thairis sin, nach mór leibhéil chomhfhreagracha acmhainní úra a bheith ag gabháil leis an méadú atá ag teacht ar chúraimí agus freagrachtaí atá ar ghníomhaireachtaí;

6. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2022;

7. á threorú dá hUachtarán a dhearbhú go bhfuil Buiséad Leasaitheach Uimh. 4/2022 glactha go cinntitheach agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

8. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([6]) COM(2022)0231, 18.5.2022.

([7]) Rialachán (AE) 2022/838 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le fianaise a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil ag Eurojust, ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara (IO L 148, 31.5.2022, lch. 1.).